Deachtú Snasta – Modh Coinníollach

Dá mbu**afainn** an Crannchur Náisiúnta...

ní éir**eoinn** maidin amárach agus **d'fh**an**fainn** sa leaba an lá ar fad.

Thógfainn turas timpeall an domhain agus d’fheicfinn na nithe is suimiúla atá ann.

Rachainn ag siopadóireacht gach lá agus cheannóinn gach uile ní a bheadh uaim.

Cheannóinn teach ollmhór in Éirinn agus thar lear.



Thabharfainn bronntanais do mo chairde uile.

Chodlóinn go sámh. Bheinn ar mhuin na muice.

An Modh Coinníollach

Labhair le páirtí faoi agus críochnaigh na habairtí seo a leanas:

- Bheadh sé go hiontach dá _____
- Bheadh sé uafásach dá _____
- Dá mbeadh an aimsir fliuch, _____
- Dá mbeadh an aimsir te, _____
- Dá mbeadh lá saoire agam ón scoil, _____
- Dá mbeadh an Nollaig ann, _____
- Dá mbeadh milliún euro agam, _____
- Dá mbeinn i mo Thaoiseach, _____
- Dá mbeadh trí ghuí agam, _____

Briathra Neamhrialta sa Mhodh Coinníollach

- Cum scéal le do pháirtí ag úsáid na mbriathra seo a leanas:
- Rachainn/Rachadh sé
- Bheinn/Bheadh sé
- Chloisfinn/Chloisfeadh sé
- Thiocfainn/Thiocfadh sé
- Gheobhainn/Gheobhadh sé
- D'íosfainn/D'íosfadh sé
- D'fheicfinn/D'fheicfeadh sé
- Thabharfainn/Thabharfadh sé
- Déarfainn/Déarfadh sé
- Dhéanfainn/Dhéanfadh sé
- Bhéarfainn/Bhéarfadh sé

Modh Coinníollach – cad a thugann tú faoi deara?

Cuir	Tóg
Chuirfinn	Thógfainn
Chuirfeá	Thógfá
Chuirfeadh sé/sí	Thógfadh sé/sí
Chuirfimis	Thógfaimis
Chuirfeadh sibh	Thógfadh sibh
Chuirfidís	Thógfaidís
An gcuirfeá?	An dtógfá?
Chuirfinn.	Thógfainn.
Ní chuirfinn.	Ní thógfainn.

Modh Coinníollach – cad a thugann tú faoi deara?

Ól	Fág
D’ólfainn	D’fhágfainn
D’ólfá	D’fhágfá
D’ólfadh sé/sí	D’fhágfadh sé/sí
D’ólfaimis	D’fhágfaimis
D’ólfadh sibh	D’fhágfadh sibh
D’ólfaidís	D’fhágfaidís
An ólfá?	An bhfágfá?
D’ólfainn.	D’fhágfainn.
Ní ólfainn.	Ní fhágfainn.

Modh Coinníollach – cad a thugann tú faoi deara?

Ceannaigh	Bailigh
Cheannóinn	Bhaileoinn
Cheannófá	Bhaileofá
Cheannódh sé/sí	Bhaileodh sé/sí
Cheannóimis	Bhaileoimis
Cheannódh sibh	Bhaileodh sibh
Cheannóidís	Bhaileoidís
An gceannófá?	An mbaileofá?
Cheannóinn.	Bhaileoinn.
Ní cheannóinn.	Ní bhaileoinn.

An Dialann Mhachnaimh

- Cad a d'fhoghlaim mé?
- Míniú ar cad a d'fhoghlaim mé
- Mo shamplaí féin
- Cad a cheap mé?